


Vacsáiní veicteoirviris in aghaidh COVID-19: mar a oibríonn siad

Céard is veicteoirvíreas ann?

Baineann vacsaíní veicteoirviris leas as leagan éadrom de víreas ar mhaithe le **treoir a sheoladh** go sábháilte chuig na cealla sa cholainn. Mar chód géiniteach a dhéantar é seo.




Bunaithe ar an treoir sin, cruthaíonn do cholainn sampla neamhdhíobhálach den choróinvíreas; seo í an '**spícephróitéin**'.


Fágann an cineál seo viris a lorg – aithníonn an córas imdhíonachta an spícephróitéin – agus i gcás an ionfhabhtaithe, tig leis an coróinvíreas a mharú agus an **galar a chosc**.

Ní bhíonn baint ná páirt ag na veicteoirviris a úsáidtear sna vacsaíní leis an DNA agus ní chuirtear isteach ar an DNA ach an oiread


Céard a tharlaíonn sa cholainn nuair a fhaigheann tú vacsaín veicteoirviris?




1 ach an t-instealladh faighte, téann an **t-adanaivíreas** a iompraíonn an treoir maidir le spícephróitéiní a chruthú isteach sna cealla




2 cruthaíonn an cholainn na **spícephróitéiní**




3 braitheann an córas imdhíonachta na próitéiní aduaine agus táirgeann sé **antashubstaintí** agus **cealla imdhíonacha** chun iad a chomhrac



4 faigheann an cholainn réidh go sciobtha leis an **adanaivíreas** mar aon leis an eolas géiniteach



5 má fhaigheann tú an coróinvíreas amach anseo, **braithfidh** an córas imdhíonachta na spícephróitéiní agus cuirfidh sé an víreas de dhroim seoil



6 ní bheidh tú tinn

Tairbhe mhór



caipsid

Tá caipsid an adanaiviris crua; cuidíonn sé seo le treoir ghéiniteach an DNA a choinneáil slán.

Fágann sin nach gá na vacsaíní veicteoirviris a fhágáil reoite ag teocht ultra-íseal; **mairfidh siad cúpla mí** ach iad stóráilte ag **gnáth-theocht an chuisneora (2-8 C)**

